**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – Ryanair v an Coimisiún (Croatia Airlines; COVID-19)**

**(Cás T-111/21)** ([1])

***(Státchabhair – Margadh aeriompair na Cróite – Cabhair arna deonú ag an gCróit d'aerlíne i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 – Deontas díreach – Cinneadh gan agóid a dhéanamh – Caingean le haghaidh neamhniú – Cúram aonair – Inghlacthacht – Mórdheacrachtaí – Cúnamh chun aon damáiste a shlánú de dheasca teagmhas eisceachtúil – Cóir chomhionann – Saoirse bunaíochta – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Measúnú ar an damáiste – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2023/C 15/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ryanair DAC (Sord, Éire) (ionadaithe: E. Vahida, F.-C. Laprévote, V. Blanc, S. Rating agus I.-G. Metaxas-Maranghidis, Dlíodóírí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus C. Georgieva, Gníomhairí)

*Idiragraí, ag tacú leis an gCoimisiún Eorpach:* Poblacht na Cróite (ionadaí: G. Vidović Mesarek, Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh C(2020) 8608 ón gCoimisiún final an 30 Samhain 2022 ar Státchabhair SA.55373 (2020/N) – an Chróit – COVID-19: Cúiteamh i leith damáistí do Croatia Airlines (IO 2021 C 17, lch. 1) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Ryanair DAC, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc;

3. Ordaítear do Phoblacht na Cróite a costais féin a íoc.

([1]) IO C 138, 19.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe v an Coimisiún**

**(Cás T-158/21)** ([1])

***(Dlí institiúideach – Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh – "Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe" – Cumarsáid ón gCoimisiún ina leagtar amach na cúiseanna nár glacadh leis na tograí maidir le gníomhartha dlí sa thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cóir chomhionann – Prionsabal an dea-riaracháin – Earráid fhollasach mheasúnaithe)***

(2023/C 15/47)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* "Citizens; Committee of the European Citizens" Initiative "Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe" (ionadaí: T. Hieber, Dlíodóir)